# Piarmheasúnú ag Úsáid Critéir Ratha

"... déanann na critéir ratha achoimre ar na **príomhchéimeanna** nó ar na **comhábhair** a theastaíonn ón scoláire chun an sprioc foghlama a chomhlánú – na príomhrudaí le déanamh, le cur san áireamh nó le díriú orthu."

**Shirley Clarke 2010**

- Deir an múinteoir 'Beidh críoch leis an tionscadal nuair a ...'.
- Scríobhann scoláirí frásaí a mhíníonn conas a mheasfaidh siadsan an tionscadal atá i gceist a bheith críochnaithe.
- Téann na scoláirí i bpéirí agus cuireann a gcuid smaointe I gcomparáid lena chéile.
- Téann péire le péire eile agus aontaíonn ar liosta.
- Bailigh na liostaí ó gach ghrúpa de 4.
- Beachtaigh na liostaí go mbíonn líon soláimhsithe acu ann a n-aontaíonn an rang orthu.
- Taifeadann na scoláirí liosta deiridh na gcritéar ratha.
- Ag an deireadh, oibríonn na scoláirí i bpéirí agus cuireann na critéir aontaithe ratha i bhfeidhm ar thionscadal a bpiaraí.
- Is féidir aiseolas a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn ag brath ar na critéir ratha.

## Leideanna

- Bíodh plé ranga agaibh chun comhaontú conas piaraiseolas a thabhairt.
- Bíonn critéir ratha:
  - **nasctha** leis na spriocanna foghlama agus sainiúil don ghníomhaíocht.
  - **pléite** agus **aontaithe** le scoláirí sula dtugann siad faoin ngníomhaíocht.
  - ina bpointí fócais a thugann **scafláil** do scoláirí agus iad i mbun na gníomhaíochta.
  - in úsáid mar **bhonn le haiseolas** agus le piar/féinmheasúnú.

## Príomhscileanna

- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Mé féin a bhainistiú
- Cumarsáid
- A bheith liteartha

## Acmhainní

- Clár Bán
- Is féidir iarthionscadail / iarthascanna srl a úsáid mar shamplaí

## Leagan amach an tseomra

Ní gá leagan amach ar leith a úsáid. Chun an ghníomhaíocht a éascú áfach, cuirtear na scoláirí ina **ngrúpaí de 4**

## Measúnú

Is féidr piarmheasúnú a úsáid chun an tionscadal a mheas bunaithe ar na critéir ratha.

Is féidir freisin na critéir ratha a úsáid mar chreat d'aiseolas an mhúinteora.

## Tacú le hobair bhaile

Is féidir le scoláirí na critéir ratha a úsáid mar sheicliosta chun an tionscadal a chur i gcrích.

**Tuilleadh Eolais**

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers